# AN CLÁR ABÚ

**Eagrán 2: Samhraidh 2026**

## Eagarfhocal

Fáilte go dtí an dara heagrán de An Clár Abú, nuachtlitir Bhord Contae an Chláir as Gaeilge.
Is é aidhm na nuachtlitreach seo fós an Ghaeilge a chothú i gcroílár shaol an phobail sa Chlár agus léargas a thabhairt ar an obair, ar na tionscnaimh agus ar na deiseanna atá ar fáil trí mheán na teanga.
Tá an borradh atá le sonrú ar fud an chontae i leith na Gaeilge ag leanúint ar aghaidh, idir phobail, scoileanna, eagraíochtaí agus gnólachtaí. Tá Bord Contae an Chláir tiomanta an fhorbairt seo a neartú agus tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo an Ghaeilge a úsáid níos minice ina saol laethúil agus ina gcuid oibre.
Sa nuachtlitir seo, gheobhaidh tú nuacht, eolas faoi imeachtaí, agus acmhainní úsáideacha don phobal. Tá súil againn go leanfaidh An Clár Abú de chomhrá, rannpháirtíocht agus bród sa teanga a spreagadh anseo sa Chlár.
An Clár Abú go deo.

**Leah Ní Thailtigh**
Oifigeach Gaeilge agus Cultúir le Bord Contae an Chláir

## San Mór-Eagrán seo:

Lch 2: Scór & Ciorcal Comhrá
Lch 3: Campa Gaeilge Beo
Lch 4: Gradaim an Chíosógaigh
Lch 5: Scór Sinsear Torthaí 2026
lch 6: Scór na bPáistí - Cois na hAbhna- Torthaí
lch 7: Scór na bPáistí - Cill Rois- Torthaí
Lch 8: Preab-Ghaeltacht
Lch 9: Seachtain na Gaeilge
Lch 10: Acmhainní
Lch 11: Campaí Samhraidh
lch 12: Crosfhocail

#GAAgaeilge

# AN CLÁR ABÚ

**Eagrán 2: Samhraidh 2026**

## Scór

Is comórtas de chuid CLG é Scór a chuireann le chéile an tsuim, an dúchas agus an iomaíocht a bhaineann le Cluichí Gaelacha le gné shóisialta agus spraíúil thraidisiúin na hÉireann. Bunaíodh an comórtas ag an gCLG i 1969 chun traidisiúin agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus chun deis a thabhairt do bhaill an chlub bualadh le chéile, spraoi a bheith acu agus ionadaíocht a dhéanamh dá gclub i rith na míonna geimhridh nuair a bhíonn Peil agus Iománaíocht ar sos.



Coiste Scór:
Jim Enright,
Leah Ní Thailtigh,
Seán Chambers,
Joe Garry,
Ann Hayes,
Domhnall Ó Loingsigh,
Dónal Ó hAiniféin.



Cuir snas ar do chuid Gaeilge – seo thíos amchlár na gCiorcal Comhrá i gContae an Chláir.

### Ciorcal Comhrá sa Chlár!



📍 Inis

Dé Luain ... 11:00 ... Copper Jug
Dé Máirt ... 11:00 ... Zest
Déardaoin ... 20:00 ... Óstán Temple Gate
Dé hAoine ... 11:00 ... Market Bar
Dé Sathairn ... 11:00 ... Glór

Dé Luain - 20:00 - Durty Nelly's, Bun Raite
Dé Máirt - 13:00 - An Gairdín, An Scairbh
Dé Céadaoin - 20:00 - Buggles Bar, Cill Rois
Dé Céadaoin - 19:30 - X-PO, Cill Iníne Baoith
Dé hAoine-20:00-Cnoc na Gaoithe, an Tulach
Dé Sathairn-11:00-Ionad Poiblí Sráid na Cathrach
Dé Domhnaigh - 11:00 - Skycourt, Sionna


WWW.Claregaa.ie
Irishculturalofficer.clare@gaa.ie
085 828 4673 (Leah)
@officialclaregaa
@gaaclare
@GaaClare
@GAA Clare
@Clare GAA

# AN CLÁR ABÚ

Eagrán 2: Samhraidh 2026



## Campa Gaeilge Beo

Eagraíodh campa Cásca CLG i mbliana den chéad uair – Campa na Gaeilge Beo. Reáchtáladh an campa ar feadh trí lá, ón 31 Márta go dtí an 2 Aibreán. D'éirigh thar barr leis, le 36 páiste i láthair, agus formhór acu ag freastal ar scoileanna Béarla.

Thug beirt imreoirí sinsireacha an Chláir, Fionn Ó Céileachair agus Conor Cleary, cuairt ar an gcampa, rud a spreag go mór na rannpháirtithe. Bronnadh duaiseanna ar an mbeirt Ghaeilgeoirí ab fhearr ag deireadh an champa.

Tá sé beartaithe againn an campa a reáchtáil ar bhonn bliantúil amach anseo.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le Cathal Pléimeann, a bhí mar chomhordaitheoir agus stiúrthóir an champa; le Tadhg Ó hUallacháin, a mhúin na ranganna Gaeilge; le Marc Ó Domhnaill, as ucht a chuid eolais agus tacaíochta le linn an eagraithe; agus le Siún agus Bréanainn ón nGaelcholáiste as a gcabhair agus a rannpháirtíocht.



#GAAgaeilge




WWW.Claregaa.ie

Irishculturalofficer.clare@gaa.ie

085 828 4673 (Leah)

@gaaclare

@GAA Clare

@officialclaregaa

@GaaClare

@Clare GAA

# AN CLÁR ABÚ



Eagrán 2: Samhraidh 2026

## Gradaim an Chíosógaigh

Is tionscnamh de chuid CLG na Mumhan é Gradaim an Chíosógaigh a dhéanann ceiliúradh agus aitheantas ar chlubanna sa chúige a chuireann an Ghaeilge chun cinn go gníomhach. Bronntar duaiseanna airgid, ar nós €2,500, ar chlubanna a léiríonn sár-iarracht i gcur chun cinn na teanga sa phobal. Mar a mhínítear ar Gaa.ie, bronnadh na gradaim seo in Áras Mumhan mar aitheantas ar an obair seo.

Príomhphointí:

- Cuspóir: Spreagadh a thabhairt do chlubanna CLG an Ghaeilge a úsáid agus a chur chun cinn.
- Duais: Bronntar €2,500 ar chlubanna buaiteacha chun tacú lena n-iarrachtaí.
- Cúige: Dírithe ar chlubanna laistigh de Chúige Mumhan.
- Urraíocht/Eagrú: Is tionscadal é de chuid Comhairle na Mumhan CLG.

Is comórtas tábhachtach é seo chun oidhreacht na teanga a neartú laistigh d'eagraíochtaí spóirt

#GAAgaeilge




**Clár Átha an dá Choradh**

Comhghairdeas ó chroí le Clár Átha an Dá Choradh a bhain an duais seo amach i mbliana. Tá éacht iontach déanta acu ar son na teanga



www.Clare.gaa.ie

Irishculturalofficer.clare@gaa.ie

085 828 4673 (Leah)

@officialclaregaa

@gaaclare

@GaaClare

@GAA Clare

@Clare GAA

# AN CLÁR ABÚ

Eagrán 2: Samhraidh 2026

## Scór Sinsear Torthaí 2026

Torthaí Scór Sinsear 2026

- Amhránaíocht Aonair: Sarah Ní Chonghalaigh, Pártaín-Míleac
- Aithriseoireacht: Pól Ó Faoláin, Gael na Sionna
- Bailéad Ghrúpa: Muillte Uí Cheallacháin
- Nuachleas: Pártaín-Míleac
- Ceol Uirlise: Muillte Uí Cheallacháin
- Rince Seit: Cill Mhuire Uí Bhreacáin
- Club na Bliana: Pártaín-Míleac

Comhghairdeas ó chroí leis na buaiteoirí ar fad agus le gach duine a ghlac páirt. Bhí ardchaighdeán le sonrú i ngach rannóg agus ba léir an obair mhór a rinneadh mar ullmhúchán don chomórtas.

Ar an 23ú reáchtáladh Tráth na gCeist an Bhoird agus bhí oíche eile den scoth againn. Bhí ceisteanna dúshlánacha ann agus iomaíocht ghéar idir na foirne ar fad, ach bhí spiorad cairdiúil le brath tríd an oíche.
Ba iad Créatlach a bhain an bua an oíche sin.
Beidh an cluiche ceannais ar siúl ar an 23ú Márta. Guímid gach rath ar na hiomaitheoirí ar fad agus iad ag ullmhú don chluiche ceannais.




Comhghairdeas ollmhór le Eugene Donnellan agus Cill Mhuire Uí Bhreacáin a bhuaigh Scór na Mumhan agus a shroich babhta ceannais Uile-Éireann i Scór.

# AN CLÁR ABÚ

Cumann Lúthchleas Gael
SCÓR

**Eagrán 2: Samhraidh 2026**












## Scór na bPáistí - Cois na hAbhna

*Torthaí 28/04/26*

**Rince Foirne: Cróisin** (Pearl Ní Dhroma, Hannah Nic Conshnámha, Sarah Ní Ghríofa, Abbie Ní Chonchubhair)

**Amhránaíocht Aonair:** Aoife Ní Allmhuráin – Droichead Abhann Uí Chearnaigh

Rince ar an Sean-Nós: Ryland Mac Mathúna – Muillte Uí Cheallacháin

**Ceol Aonair:** Ellie Éilís Ní Ghríofa – Cill na Móna Camógaíocht

**Bailéad Grúpa:** Clár Átha Dá Choradh (Micheál Ó Coinn, Grace Ní Choinn, Aaron Mac Cuinneagáin, Emilia Ní Icí, Oscar de Paor)

**Aithriseoireacht:** Ella Ní Thaltigh – Cill Mháile

**Grúpa Ceoil**: Dubhráith Ghort Lomáin (Adam Mac Thoirealaigh, Seadna Ó hUaruisce, Oisín de Cathair-Mhaoláin, Crea Miniter)

**Nuachleas:** Muillte Uí Cheallacháin (Síce Nic Conmara, Megan Ní Dhochartaigh, Kacey Nic Héil, Lauren Nic Ghríogair, Aoibheann Ní Dhomhnalláin, Emma Ní Mhadáin, Eve Ní Laighin, Ryland Mac Mhathúna)






WWW.Claregaa.ie
Irishculturalofficer.clare@gaa.ie
085 828 4673 (Leah)
@officialclaregaa
@gaaclare
@GaaClare
@GAA Clare
@Clare GAA

# AN CLÁR ABÚ

Eagrán 2: Samhraidh 2026

## Scór na bPáistí - Cill Rois

### *Torthaí 08/05/26*

**Torthaí**
**Amhránaíocht Aonair**: Lily Ní Ghormáin — Cill Mhichíl
**Rince ar an Sean-Nós**: Jack Ó Rímhéa — Cuar an Chláir
**Ceol Aonair:** Muireann Ní Ghríofa — Sráid na Cathrach
**Bailéad Ghrúpa:** Cill Rois Seamróg
(Darragh Bell, Tatiana de Hál, Ellamae Ruiséil, Grace Ní Chochláin, Emma Ní Fhaoláin)
**Aithriseoireacht**: Eimear Ní Chonaill — Gael na Sionna
**Grúpa Ceoil:** Cill Mhichíl
(Chloe Ní Eachach, Emily Ní Eachach, Lily Ní Ghormáin, Emma Ní Chrualaoich)
**Rince Seit:** Cill Mhuire Uí Bhreacáin
(Muiris Ó Dúlaoich, Cody Ó Lochlainn, James Mac Fhlannchadha, Megan Ní Choilleáin, Hanna de Búrca, Annabelle Ní Aichir, Pippa Ní Aichir, Kate Hudson)










WWW.Claregaa.ie
Irishculturalofficer.clare@gaa.ie
085 828 4673 (Leah)
@officialclaregaa
@gaaclare
@GaaClare
@GAA Clare
@Clare GAA

# AN CLÁR ABÚ

Eagrán 2: Samhraidh 2026




Preab-Ghaeltacht



Bhí atmaisféar den scoth le brath taobh amuigh de Zimmer Biomet Páirc Cíosóg  roimh chluiche an Chláir in aghaidh Phort Láirge, nuair a cuireadh preab-Ghaeltacht bhríomhar agus bheo ar bun a mheall slua mór daoine le chéile. Bhí an preab-Ghaeltacht féin ina ceiliúradh ar an teanga chomh maith leis an spórt. Ní hamháin gur spás sóisialta a bhí ann, ach deis do dhaoine an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil, go muiníneach agus go spraíúil. Ba dheis iontach a bhí ann chun an teanga a cheiliúradh agus a thabhairt isteach i gcroí an phobail ar bhealach nádúrtha, bríomhar agus an-taitneamhach.


www.Clare.gaa.ie

Irishculturalofficer.clare@gaa.ie

085 828 4673 (Leah)

@officialclaregaa

@gaaclare

@GaaClare

@GAA Clare

@Clare GAA

# AN CLÁR ABÚ

Eagrán 2: Samhraidh 2026

# SEACHTAIN NA GAEILGE







Seachtain na Gaeilge 2026

Bhí blitz peile ar siúl i gCLG Éire Óg ar an 7ú Márta mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge. Bhí lá den scoth ann agus fuinneamh iontach le sonrú ar an bpáirc. Ghlac grúpaí éagsúla daoine fásta páirt sa blitz, ag imirt cluichí i spiorad cairdiúil agus ag úsáid na Gaeilge ar bhealach nádúrtha taitneamhach. Bhí an-spraoi ag gach duine agus ba dheis iontach í chun an teanga a chur chun cinn trí spórt agus trí chomhoibriú sa phobal.

COMÓRTAS PEILE SHEACHTAIN NA GAEILGE



SEACHTAIN NA GAEILGE


WWW.Claregaa.ie

Irishculturalofficer.clare@gaa.ie

085 828 4673 (Leah)

@gaaclare

@GAA Clare

@officialclaregaa

@GaaClare

@Clare GAA

# AN CLÁR ABÚ

## Eagrán 2: Samhraidh 2026




Tá ríméad orainn a fhógairt go bhfuilimid ag cur nóta i do phóca nua ar fáil – leathanach fóclóra as Gaeilge atá deartha le tacú le húsáid na Gaeilge ó lá go lá, cibé áit a mbíonn tú.

Is acmhainn bheag í le tionchar mór, agus táimid fíorbhródúil í a roinnt libh.

Más mian leat cóip a fháil, déan teagmháil le Leah.



| nóta id' phóca | a note in my pocket |
|---|---|
| A chairde | Hello everyone |
| A aíonna speisialta... | Special Guests... |
| Thar ceann Chumann Luthchleas Gael na Mumhan... | On behalf of Munster GAA... |
| Thar ceann Coiste Chontae an Chláir... | On behalf of Clare County Board... |
| Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an réiteoir agus a oifigigh. | I would like to thank the referee and his officials. |
| Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbainisteoir, na roghnóirí agus gach éinne a chabhraigh libh. | I would like to thank the manager, the selectors and everyone who helped ye. |
| Ba mhaith liom tréaslú leis an dá fhoireann a d'imir sár-chluiche | I would like to congratulate both teams who gave us a great game |
| Ba mhaith liom tréaslú leis na foirne go léir a bhí san iomaíocht (Blitz) | I would like to congratulate all the teams who took part (Blitz) |
| Ba mhaith liom tréaslú leis na múinteoirí go léir a chabhraigh libh | I would like to congratulate all the teachers who helped ye. |
| Bhí sibh go léir go hiontach | Ye were all great |
| Rinne sibh gaisce | Ye were brilliant! |
| Bígí bródúil as an méid a rinne sibh anseo inniu. | Be proud of what ye have achieved here today. |
| Agus anois, tá an-áthas orm an corn seo a bhronnadh ar chaptaen na foirne X... | And now, I am delighted to present this trophy to the captain of X... |
| Comhghairdeas! | Congratulations! |
| Go raibh maith agaibh! | Thank you! |




Chomh maith leis sin, tá roinnt acmhainní fóclóra againn; más mian leat iad a fháil, déan teagmháil le Leah.


WWW.Claregaa.ie
Irishculturalofficer.clare@gaa.ie
085 828 4673 (Leah)
@officialclaregaa
@gaaclare
@GaaClare
@GAA Clare
@Clare GAA

# AN CLÁR ABÚ

Eagrán 2: Samhraidh 2026

## Imeachtaí le Teacht: Campaí samhraidh

Beidh Campaí Samhraidh trí Ghaeilge ag filleadh ar Inis i mbliana, ag tairiscint clár bríomhar lán le gníomhaíochtaí spraíúla, oideachasúla agus cruthaitheacha do leanaí bunscoile. Beidh na campaí ar siúl i nGaelscoil Mhichíl Cíosóg agus i nGaelcholáiste an Chláir i rith mhí an Mheithimh agus mhí Iúil.

Tá na campaí roinnte i mbeirt leibhéal:

- **Céimeanna Beaga:** do pháistí ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó
- **Scléip an tSamhraidh:** do pháistí ó Rang a Trí go Rang a Sé

Tá na campaí dírithe ar thumadh nádúrtha sa Ghaeilge trí mheán spóirt, ceardaíochta, cluichí agus gníomhaíochtaí eile a spreagann foghlaim agus cumarsáid i suíomh dearfach agus tacúil.
Bígí Linn don spraoi agus don Ghaeilge!

Campaí Samhraidh trí Ghaeilge




### Céimeanna Beaga

**Naíonáin Shóisearacha - Rang 2**

Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg

**Seachtain 1:** 9am - 1pm 29/06/2026–03/07/2026
**Seachtain 2:** 9am - 1pm 06/07/2026–10/07/2026

### Scléip an tSamhraidh

**Rang 3 - Rang 6**

Gaelcholáiste an Chláir

**Seachtain 1:** 9am - 1pm 13/07/2026–17/07/2026
**Seachtain 1:** 9am - 1pm 20/07/2026–24/07/2026


WWW.Clare.gaa.ie
Irishculturalofficer.clare@gaa.ie
085 828 4673 (Leah)
@officialclaregaa
@gaaclare
@GaaClare
@GAA Clare
@Clare GAA

# AN CLÁR ABÚ

Eagrán 2: Samhraidh 2026

# cros fhocal!



**Trasna**
2. Bhí seachtar mar chomhluadar ag Plúirín Sneachta.
5. An mhéar is lú ar do lámh
6. Bia le friochadh déanta as muiceoil nó máirtfheoil
7. An áit a mbíonn an bhó ag ithe amuigh faoin tuath
8. Curtha i gcrích nó críochnaithe.
9. Faigheann tú é trí fhreastal ar sheirbhísí eaglasta.
13. Déanta as adhmad. Ná buail leis an ..... mé.
16. Sean 'phéint' ar thithe bána in Éirinn.

**Síos**
1. Ní bean atá ann ach ....
3. An 'ghuaig' atá ar éin
4. D'imir mé ..... ar mo chara. Bhí sé an-ghreannmhar
6. Oileán, Oírr, Meán nó Mór mar shampla.
10. Brostaigh ort, tá ...... orm.
11. Ainmhí a chónaíonn i gcoinicéar
12. Ball éadaí a chlúdaíonn ón choim go dtí do chosa
14. Bíonn siad le feiceáil sa spéir i rith na hoíche
15. Rud atá cosúil le rud eile.
17. Téip taifead atá inchraolta ar an teilifís.




## SEANFHOCAL *Na Seachtaine*

**'Ag tuilleadh agus ag trá a chaitheann an fharraige an lá.'**



www.Clare.gaa.ie
Irishculturalofficer.clare@gaa.ie
085 828 4673 (Leah)
@officialclaregaa
@gaaclare
@GaaClare
@GAA Clare
@Clare GAA